


Oifig Faisnéise
Áras Talmhaíochta
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2



Press/Information Office
Agriculture House
Kildare Street
Dublin 2
D02 WK12

Tel: (01) 607 2802

Twitter: 

Ríomhphost:
press@agriculture.gov.ie
Láithreán Gréasáin:
www.agriculture.gov.ie

Má bhíonn aon cheist agat faoin bpreasráiteas seo, déan teagmháil le press@agriculture.gov.ie

179a/16

Grianghraf ceangailte, fotheideal leabaithe

5th Nollaig 2016

Molann Doyle do Dhaoine Fíorchrann Nollag Éireannach a Cheannach

Mhol Andrew Doyle T.D., Aire Stáit ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara do dhaoine fíorchrann Nollag Éireannach a cheannach i mbliana agus é ag tabhairt cuairt ar Stephen Cowman ag Feirm Chrann Nollag Parkmore sa Mhuine, Co Chill Mhantáin. *“Déanaimid cinnte i gcónaí sa bhaile fíorchrann a bheith againn. Ní bheidh an t-eispéaras Nollaig céanna ann gan fhíorchrann agus an méid a ghabhann leis, é a thógáil isteach sa teach, é a chur suas, an boladh agus an t-atmaisféar. Feicim na feirmeacha chrann Nollaig, go háirithe anseo i gCill Mhantáin, agus an 7 go 10 mbliana d’obair a ghabhann le crann ar ardchaighdeán a tháirgeadh – leanann an obair ó cheann ceann na bliana, cur, múnlú, spraeáil, leasú, margú, lománú.”*

Díoltar timpeall 550,000 crann Nollaig in Éirinn gach bliain, díoltar 350,000 sa bhaile agus easpórtáil timpeall 200,000 crann chuig an Ríocht Aontaithe, an Fhrainc agus an Ghearmáin. Is fiú €21 milliún an tionscal do gheilleagar na hÉireann.

Dúirt an tAire freisin *“Ba mhaith liom mo thacaíocht a chur leis an bhfeachtas #lovearealtree de chuid Shaothróirí Crainn Nollaig na hÉireann. Dar liom féin níl ann ach ghnáthchiall. Tugann fíorchrainn eispéaras Nollaig níos fearr, tá siad níos boige ar an timpeallacht agus neodrach ó thaobh carbóin de agus cuireann gach duine a cheannaíonn crann Éireannach le poist a sholáthar don tuaithe in Éirinn le haghaidh saothróirí crainn Nollaig leithéid í Stephen Cowman, a theaghlach agus a fhoireann.”*

Mar fhocal scoir, rinne an tAire trácht ar na rioscaí a bhíonn ag saothróirí crainn Nollaig. *“Níl an gnó seo saor ó riosca agus níl riosca níos mó ann ná gadaíocht chrann Nollaig. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d’obair na Gardaí Síochána agus Oibríocht Hurdle a chur i gcrích acu, tionscnamh atá dírithe go sonrach ar an troid i gcoinne gadaíocht chrann Nollaig sa tréimhse roimh an Nollaig.”*

Reachtáladh Oibríocht Hurdle ón bhliain 2011 agus tháinig laghdú iontach ar ghadaíocht Chrann Nollaig i gCill Mhantáin dá réir.

CRÍOCH